




An tSeirbhís Chúirteanna  
Courts Service

## Plean Straitéiseach 2014 - 2017



Seirbhís Custaiméara

- Sármhaith
- An-mhaith
- Maith
- Meán
- Droch

## An tSeirbhís Chúirteanna – Plean Straitéiseach 2014-2017

| ÁR bhFÍS  | ÁR MISEAN   | ÁR LUACHANNA   |
|---|---|--|
| Is í ár bhfís chun eagraíocht den chéad scoth a fhorbairt a bhfuil sé mar bhunchuspóir aici freastal ar riachtanais úsáideoirí na cúirte. | Na cúirteanna a bhainistiú, tacú leis na breithiúna agus seirbhís ardchaighdeán agus ghairmiúil a sholáthar do gach úsáideoir na gcúirteanna. | <b>Seirbhís:</b> díriú ar chustaiméirí, tráthúil, cairdiúil, inniúil<br><b>Iomláine:</b> ionraic, oibiachtúil, cóir, eiticiúil, freagrúil<br><b>Meas:</b> cúirtéiseach, neamhchlaonta, tuisceanach |

| Réamhrá leis an bPríomh-Bhreitheamh  | Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin  |
|--|---|
| <p>Le sé bliana anuas, a raibh an tír thíos le cúlú olc eacnamaíochta lena linn, thug an tSeirbhís Chúirteanna, ar chuma gach comhlachta den earnáil phoiblí, laghduithe tromchúiseacha faoi deara ar chistiú agus soláthar foirne. In ainneoin na ndúshlán a d'eascair as seo, chuir an tSeirbhís Chúirteanna leasuithe suntasacha i bhfeidhm a chinntigh nár imríodh tionchar diúltach ar shuíonna cúirte agus ar phríomhsheirbhísí. Sa mhullach air sin, chruthaíomar ardán chun breis forbairtí agus leasuithe a dhéanamh.</p> <p>I gcaitheamh shaolré an phlean straitéisigh seo, beartaímid chun leanúint lenár glár nuachóirithe chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí d'úsáideoirí cúirte agus chun tacú le riar an cheartais. Chun an clár seo a chur i bhfeidhm go rathúil, tá sé ríthábhachtach go gcostítear an tSeirbhís Chúirteanna go leordhóthanach agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici i gcaitheamh shaolré an phlean seo, go háirithe maidir le hinfeistíocht sa teicneolaíocht.</p> <p>Léiríomar an cumas atá againn chun ár gcuid oibríochtaí a athrú agus a chuíchóiriú. Táim muiníneach gur féidir linn breis feabhsúchán a sholáthar ar éifeachtúlacht agus ar an tseirbhís. Tabharfaimid tús áite do thacú lenár bhfoireann agus d'fhorbairt ár bhfoirne, a thug faoi gach dúshlán a bhí romhainn le blianta beaga anuas agus nach raibh riamh easpa dúthrachta agus tiomantais orthu.</p> <p>Táim muiníneach go nglacfaimid céim mhór eile ar ár n-aistear i dtreo eagraíocht den chéad scoth a chruthú, le linn an phlean straitéisigh seo.</p> <p>Táim ag tnúth le hoibriú le gach páirtí leasmhar chun an plean seo a chur i bhfeidhm agus gabhaim buíochas leo siúd go léir a d'oibrigh ar a ábhar agus a chruth.</p> <p><b>Susan Denham</b><br/><b>Príomh-Bhreitheamh agus Cathaoirleach Bhord na Seirbhíse Cúirteanna.</b></p> | <p>Leanann an Plean Straitéiseach seo sé bliana de dhéine a raibh laghduithe móra ar chistiú agus ar sholáthar foirne don tSeirbhís Chúirteanna mar thoradh orthu. Anuas air sin, bhí orainn déileáil le líon athruithe reachtúla a mhéadaigh ualaí oibre sna cúirteanna agus in oifigí cúirte. Tá comharthaí dearfacha ann go bhfuil an chuid is measa den déine thart, fad a thosaíonn an eacnamaíocht ag taispeáint go bhfuil sí i mbun athshlánú. In ainneoin na srianta atá ar acmhainní, baineadh go leor amach le trí bliana anuas, agus bhí críochnú thionscadail na Comh-Oifige Cúirte ar an gceann ba shuntasá, a thug le chéile oifigí na Cúirte Cuarda agus Dúiche agus a rinne an líon oifigí timpeall na tíre a réasúnú.</p> <p>Leagtar amach sa Phlean sé príomhthosaíocht, a bhfuil de rún acu cur leis an dul chun cinn a rinneadh nuair a bhí réimse tionscnamh athraithe á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas. Shainaithníomar an tábhacht a bhaineann le díriú ar thrí limistéar ar leith: Daoine, Teicneolaíocht agus Próisis. Cuireann na limistéir seo cumas tábhachtach ar fáil chun breis feabhsúchán a chur ar sholáthar seirbhíse agus luach ar airgead. Ina leith seo, réitíodh an Plean seo agus díriú soiléir ar chur i bhfeidhm agus ar chumas gach ceann dár n-acmhainní a uasmhéadú.</p> <p>Thugamarréasúnúsuntasachdár n-eastát de thithecúirtefaoideara le tríbliana anuas. I gcaitheamhanphlean seo, críochnófar seacht dteach cúirte nua agus an cur chuige CPP á úsáid. Anuas air sin, déanfaimid pleanáil d'fhorbairtí na cúirte maidir le freastal ar dhaoine.</p> <p>Leanfaimid lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár sainchúraim maidir leis na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna agus leanfaimid ag oibriú leis na breithiúna agus le páirtithe leasmhara na hearnála dlí agus cirt chun breis feabhais a chur ar bhainistíocht cásanna a thagann os comhair na gcúirteanna.</p> <p><b>Brendan Ryan,</b><br/><b>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</b></p> |

*PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ*

- **Seirbhís Ardchaighdeán a Sholáthar:** Chuir an tSeirbhís Chúirteanna athruithe nach raibh coinne leo i bhfeidhm ar a struchtúir oifige le trí bliana anuas. Chuir seo ar ár gcumas againn ardleibhéil tacaíochta a choimeád le gach suí cúirte agus chun príomhsheirbhísí a choimeád, agus leanfaidh seo bheith mar an ngné ar a ndíreimid go príomha. Baineann an plean seo lena chinntiú go gcuirimid leis an ardán seo. Deimhneoidimid na seirbhísí is gá a sholáthar trí oifigí áitiúla agus iad siúd is féidir a lárú nó a sheachfhoinsiú. Anuas air sin, lorgóimid chun úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú i soláthar ár seirbhísí trí bhreis roghanna ríomhchomhdaithe agus ríomhíocaíochta a thabhairt isteach, mar aon le roghanna feabhsaithe féinseirbhíse ar líne. Chomh maith leis sin, cuirfidimid leis andea-obair atá á déanamh trí fheabhsú an phróisis LEAN a úsáid. Agus na deiseanna seo á gcur i gcuntas chun an bealach a thugaimid faoinár seirbhísí a chlaochlú, déanfaimid measúnú ar an tionchar a bheidh ag na hathruithe ar struchtúir agus leibhéil soláthair foirne ar fud na heagraíochta.
- **Tacú leis na Breithiúna:** Feidhm reachtúil den tSeirbhís Chúirteanna is ea tacú leis na breithiúna agus dírtear acmhainní suntasacha ar an sainchúram seo a chomhlíonadh. Baineann buntábhacht lena chinntiú go dtacaítear le gach suí sceidealaithe cúirte agus go bhfuil gach tacaíocht riachtanach i bhfeidhm le cur ar chumas na mbreithiúna an ceartas a riar. I measc na limistéar sonracha rachfar i ngleic leo sa phlean seo, tá oifig nua um thaighde breithiúnach a bhunú agus tacú le bunú na Comhairle Breithiúnaí. Leanfaimid lenár gcaidreamh oibre a fhorbairt níos mó leis na breithiúna, ag féachaint do bhainistíocht fheabhsaithe ar na cúirteanna a sholáthar, lena n-áirítear liostáil agus bainistíocht cásanna.
- **Foireann Oilte agus Thiomanta:** Cé gur tháinig laghdú thart ar 16% ar líonta foirne ó 2008 i leith, is ionann a bheidh costais foirne, fós féin, agus gné mhór de chostais laethúla reatha den tSeirbhís Chúirteanna. Is í an Fhoireannan acmhainn is luachmhaire atá againn, agus ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag an bhfoireann go léir chun feidhmiú ar ardleibhéal agus a gcumas a bhaint amach. Áirítear leis seo an t-eolas réamhriachtanach teicniúil agus dlíthiúil a thabhairt don fhoireann a fhreastalaíonn ar na cúirteanna chun tabhairt faoina gcuid freagrachtaí go héifeachtach. Áirítear leis seo, chomh maith, tacú lenár mbainisteoirí agus lenár bhfoireann agus iad a fhorbairt chun déileáil leis an réimse fairsing dúshlán agus saincheisteanna atá rompu ar bhonn laethúil. Cuirfear clár cóitseála i bhfeidhm chun tacú lenár mbainisteoirí agus bunófar aonad nua, chomh maith, chun bainistíocht agus maoirsiú a dhéanamh ar ár geláir oiliúna go ginearálta.
- **Teicneolaíocht:** Baineadh sochair shuntasacha as infheistíocht a rinneadh sa teicneolaíocht le roinnt blianta anuas i measc líon príomhsheirbhísí, teicneolaíocht sa seomra cúirte, seirbhísí ar líne agus ríomhchomhdú san áireamh. Tá go leor cumais ann sa limistéir seo nár baineadh leas as, áfach. Ar androchuair, mar gheall ar chistiú agus acmhainní laghdaithe le sé bliana anuas, níorbh fhéidir an buntáiste is mó a bhaint as na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil. Le hacmhainní laghdaithe agus ualaí oibre atá ag dul i méid, cuireann an teicneolaíocht (e.g. ríomhchomhdú, ríomhíocaíochtaí, agus seirbhísí ar líne an réiteach is fearr ar fáil chun seirbhís chustaiméirí a fheabhsú agus chun luach feabhsaithe ar airgead don cháiniócoir a sholáthar. Beidh an tSeirbhís Chúirteanna ag tabhairt faoi úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú i gcaitheamh an phlean seo.
- **Bainistíocht Cásanna, Comhoibriú agus Leasú:** Leanfaimid le fiosrú a dhéanamh le Cláráitheoirí Contae agus leis an Roinn, feidhmeanna feabhsaithe Chláráitheoirí Contae agus oifigigh incháilithe chúirte. Ag oibriú leis na breithiúna, an Roinn agus le cleachtóirí, tabharfaimid faoin méid ama a theastaíonn chun cásanna a phróiseáil a laghdú. Áireofar leis seo úsáid mhéadaithe a bhaint as córais ríomhchomhdaithe agus ríomhchúirte. Leanfaimid lenár gcumas tuairiscithe a fheabhsú ar shreabhadh agus diúscairt cásanna. Déanfaimid pleanáil agus cuirfidimid athruithe i bhfeidhm ar sheirbhís Probháide a chur i bhfeidhm. Leanfaimid ag oibriú le gach páirtí leasmhar chun feabhsúcháin a dhéanamh ar oibriú na gcúirteanna agus an chórais níos fairsinge dlí agus cirt. Leanfaimid le hionchur a sholáthar i bhforbairt rialacha cúirte agus bunreachtáíochta, faoi mar a theastóidh. I gcaitheamh an phlean seo, tacóimid le líon tionscnaimh nua reachtúla, lena n-áireofar: An tAcht Fíneálacha (Íocaíocht agus Aisghabháil), 2014, agus an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas).
- **Freastal Oiriúnach na Cúirte a Sholáthar:** Tar éis tréimhse, le blianta beaga anuas, nár tugadh faoi aon tionscadail chaipitiúla tógála, forbairt a bhféiltítear roimpi ná go soláthrófar seacht dteach cúirte nua sna trí bliana amach romhainn ag príomhláithreacha ar fud na tíre. Leanfaimid lena chinntiú, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil againn, go gcuirtear i bhfeidhm clár éifeachtach cothabhála teach cúirte. Anuas air sin, déanfaimid pleanáil do riachtanais freastail nacúirte amach anseo. Comhlíonfaimid na riachtanais sláinte agus sábháilteachta agus rochtana do dhaoine míchumasaithe, agus leanfaimid lenár dtiomantas do chleachtais choigilte fuinnimh.

An tSeirbhís Chúirteanna – Plean Straitéiseach 2014-2017

